CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2021/1470 ÓN gCOMHAIRLE

an 10 Meán Fómhair 2021

lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ([1]).

(2) An 12 Márta 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/448 ([2]), agus ar an gcaoi sin rinne sí na bearta dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES a athnuachan go ceann 6 mhí eile.

(3) I bhfianaise go bhfuiltear go leanúnach ag baint an bhoinn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó gur bagairt ar an méid sin na gníomhaíochtaí atáthar a dhéanamh, ba cheart Cinneadh 2014/145/CBES a athnuachan go ceann 6 mhí eile.

(4) Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar na hainmniúcháin aonair a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES agus chinn sí an fhaisnéis a bhaineann le 19 nduine aonair agus sé eintiteas a leasú.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

"Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 15 Márta 2022.";

(2) leasaítear an Iarscríbhinn mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16).

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/448 ón gComhairle an 12 Márta 2021 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 87, 15.3.2021, lch. 35).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. DOVŽAN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann leis na daoine agus leis na heintitis a liostaítear thíos:

Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"4.	Denis Valentinovich BEREZOVSKIY (Денис Валентинович БЕРЕЗОВСКИЙ) Denys Valentynovych BEREZOVSKYY (Денис Валентинович БЕРЕЗОВСЬКИЙ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 15.7.1974 Áit bhreithe: Kharkiv, Ukrainian SSR (Ukraine mar atá anois)	Ceapadh Berezovskiy ina cheannasaí ar an Ukrainian Navy an 1 Márta 2014 ach, ina dhiaidh sin, thug sé mionn do Crimean armed forces, agus ar an gcaoi sin, chuaigh sé siar ar a mhionn don Ukrainian Navy. Bhí sé ina Leas-Cheannasaí ar an Black Sea Fleet de chuid an Russian Federation go dtí Deireadh Fómhair 2015. Ceannasaí Gníomhach an Pacific Fleet de chuid Chónaidhm na Rúise agus Leas-Aimiréal.	17.3.2014
17.	Sergei Vladimirovich ZHELEZNYAK (Сергей Владимирович ЖЕЛЕЗНЯК)	Inscne: fireann Dáta breithe: 30.7.1970 Áit bhreithe: St Petersburg (dá ngairtí Leningrad tráth), Russian Federation	Iar-Leas-Spéicéir ar State Duma Russian Federation. Thacaigh sé go gníomhach le himscaradh Russian Armed Forces san Úcráinagus le hionghabháil Crimea. Ba é a bhí i gceannas ar an léirsiú a thacaigh le himscaradh Russian Armed Forces san Úcráin. Iar-Leas-Chathaoirleach ar an Foreign Affairs Committee de State Duma den Russian Federation; é ina chomhalta ann anois. Comhalta den Presidium of the General Council den pháirtí United Russia.	17.3.2014
37.	Sergei Ivanovich MENYAILO (Сергей Иванович МЕНЯЙЛО)	Inscne: fireann Dáta breithe: 22.8.1960 Áit bhreithe: Alagir, North-Ossetian Autonomous SSR, RSFSR (Russian Federation mar atá anois)	Iar-Ghobharnóir ar chathair na hÚcráine a ndearnadh ionghabháil uirthi, Sevastopol. Iar-Ionadaí Lánchumhachtach d'Uachtarán an Russian Federation don Siberian Federal District. Comhalta de Security Council Chónaidhm na Rúise. Ceann Gníomhach Northern Ossetia ón 9 Aibreán 2021.	29.4.2014
51.	Vladimir Nikolaevich PLIGIN (Владимир Николаевич ПЛИГИН)	Inscne: fireann Dáta breithe: 19.5.1960 Áit bhreithe: Ignatovo, Vologodsk Oblast, USSR (Russian Federation mar atá anois)	Iarchomhalta State Duma agus iarChathaoirleach den Duma Constitutional Law Committee. Freagrach as glacadh reachtaíochta maidir le hionghabháil Crimea agus Sevastopol isteach i gCónaidhm na Rúise a éascú.	12.5.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Iarchomhalta den Supreme Council den pháirtí United Russia. Comhairleoir ag Volodin, Spéicéir an Duma. Is taighdeoir faoi láthair é ag an Institute of State and Law ag an Russian Academy of Sciences. Comhchathaoirleach an Russian Lawyers' Association.	
53.	Oleg Grigorievich KOZYURA (Олег Григорьевич КОЗЮРА) Oleh Hryhorovych KOZYURA (Олег Григорович КОЗЮРА)	Inscne: fireann Dáta breithe: 30.12.1965 nó 19.12.1962 Áit bhreithe: Simferopol, Crimea nó Zaporizhia, Ukraine	Iar-Cheann an Federal Migration Service office do Sevastopol. Freagrach as pasanna Rúiseacha a eisiúint go córasach agus go pras dóibh siúd atá ina gcónaí in Sevastopol. Iar-Cheann Foirne ar an Legislative Assembly of Sevastopol. Comhairleoir do Ghobharnóir Sevastopol.	12.5.2014
58.	Roman Viktorovich LYAGIN (Роман Викторович ЛЯГИН) Roman Viktorovych LIAHIN (Роман Вікторович ЛЯГІН)	Inscne: fireann Dáta breithe: 30.5.1980 Áit bhreithe: Donetsk, Ukraine	Iar-Cheann ar Central Electoral Commission 'Donetsk People's Republic'. Bhí lámh ghníomhach aige in eagrú an reifrinn an 11 Bealtaine 2014 maidir le féinchinntiúchán 'Donetsk People's Republic'. Iar-'Aire Saothair agus Beartais Shóisialta'. Faoi réir imeachtaí coiriúla san Úcráin.	12.5.2014
79.	Mikhail Vladimirovich DEGTYARYOV/ DEGTYAREV (Михаил Владимирович ДЕГТЯРЁВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 10.7.1981 Áit bhreithe: Kuibyshev (Samara), Russian Federation	Iarchomhalta den State Duma. Mar bhall den Duma, d'fhógair sé oscailt fhoirmiúil 'de facto embassy' in 'Donetsk People's Republic' (neamhaitheanta), mar a ghairtear di, i Moscó. Cuidíonn sé leis an mbonn a bhaint d'iomláine críche, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó cuidíonn sé leis an mbagairt ina gcoinne sin. Iar-Chathaoirleach ar Russian State Duma Committee on Physical Education, Sport and Youth Affairs. Ó 20 Iúil 2020 i leith, Gobharnóir Gníomhach ar Khabarovsk Krai. Ón 6 Feabhra 2021, Comhordaitheoir an bhrainse réigiúnaigh de Liberal Democratic Party of Russia.	25.7.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
84.	Fyodor Dmitrievich BEREZIN (Фёдор Дмитриевич БЕРЕЗИН) Fedir Dmytrovych BEREZIN (Федір Дмитрович БЕРЕЗІН)	Inscne: fireann Dáta breithe: 7.2.1960 Áit bhreithe: Donetsk, Ukraine	Iar-'leas-aire cosanta' mar a ghairtear dó, 'Donetsk People's Republic', mar a ghairtear di. Tá baint aige le Igor Strelkov/Girkin, atá freagrach as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, thug Berezin tacaíocht do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. Tá sé fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha. Cathaoirleach reatha ar Board of the DNR Writers' Union agus Comhalta den People's Council of the DNR.	25.7.2014
108.	Vladimir Abdualiyevich VASILYEV (Владимир Абдуалиевич ВАСИЛЬЕВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 11.8.1949 Áit bhreithe: Klin, Moscow Region, Russian Federation	Iar-Leas-Spéicéir den State Duma. An 20 Márta 2014, vótáil sé i bhfabhar dréacht-Dlí Bunreachtúil Cónaidhme 'Maidir le glacadh "Republic of Crimea" sa Russian Federation agus foirmiú, laistigh den Russian Federation, eintiteas nua cónaidhme – "Republic of Crimea" agus City of Federal Status Sevastopol'. Iarcheann ar Republic of Dagestan. Ón 5 Deireadh Fómhair 2020, Comhairleoir d'Uachtarán an Russian Federation.	12.9.2014
111.	Vladimir Stepanovich NIKITIN (Владимир Степанович НИКИТИН)	Inscne: fireann Dáta breithe: 5.4.1948 Áit bhreithe: Opochka, Russian Federation	Iarchomhalta den State Duma agus iarChéad-Leas-Chathaoirleach ar an Committee for CIS Affairs, Eurasian Integration and Relations with Compatriots of the State Duma. An 20 Márta 2014, vótáil sé i bhfabhar dréacht-Dlí Bunreachtúil Cónaidhme 'Maidir le glacadh "Republic of Crimea" sa Russian Federation agus foirmiú, laistigh den Russian Federation, eintiteas nua cónaidhme "Republic of Crimea" agus City of Federal Status Sevastopol'. Comhalta de Presidium of the Central Committee of the Communist Party sa i gCónaidhm na Rúise. Ceannaire ar an ngluaiseacht phoiblí uile-Rúiseach 'Russian Concord', arb é is aidhm di sibhialtacht uathúil Rúiseach a chruthú agus seasamh na Rúise san iar-spás Sóivéadach agus in CIS a neartú.	12.9.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
119.	Alexander Mikhailovich BABAKOV (Александр Михайлович БАБАКОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 8.2.1963 Áit bhreithe: Chisinau, Moldovan SSR (Republic of Moldova mar atá anois)	Iarchomhalta den State Duma. Iarchomhalta den State Duma, Cathaoirleach ar an State Duma Commission on Legislative Provisions for Development of the Military-Industrial Complex of the Russian Federation. Comhalta ar leith de 'United Russia' agus fear gnó a bhfuil infheistíochtaí móra aige san Úcráin agus in Crimea. An 20 Márta 2014, vótáil sé i bhfabhar dréacht-Dlí Bunreachtúil Cónaidhme 'Maidir le glacadh "Republic of Crimea" sa Russian Federation agus bunú, laistigh den Russian Federation, eintiteas nua cónaidhme – "Republic of Crimea" agus City of federal status Sevastopol'. Comhalta de Federation Council of the Russian Federation faoi láthair. Comhalta den Committee on Foreign Affairs. Tar éis go ndearnadh na páirtithe polaitiúla – 'A Just Russia', 'For Truth' agus 'Patriots of Russia' a chumasc, ceapadh Babakov ina Rúnaí ar Presidium ar Central Council an eintitis chumaiscthe.	12.9.2014
121.	Oleg Konstantinovich AKIMOV (ar a dtugtar Oleh AKIMOV freisin) (Олег Константинович АКИМОВ) Oleh Kostiantynovych AKIMOV (Олег Костянтинович АКІМОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 15.9.1981 Áit bhreithe: Luhansk, Ukraine	Comhalta de chuid 'Luhansk Economic Union' in 'National Council' an 'Luhansk People's Republic'. Sheas sé mar iarrthóir sna 'toghcháin', mar a ghairtear dóibh, an 2 Samhain 2014, don phost mar 'Ceann', mar a ghairtear dó, ar 'Luhansk People's Republic'. Bhí na 'toghcháin' sin ina sárú ar dhlí na hÚcráine agus, dá bhrí sin, bhí siad neamhdhleathach. Iar-'Cheann' ar 'Federation of Trade Unions', mar a ghairtear di. Comhalta den 'People's Council' de chuid 'Luhansk People's Republic', mar a ghairtear di. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, agus é ag glacadh páirt go foirmiúil mar iarrthóir sna 'toghcháin' neamhdhleathacha, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh. Tacaíonn sé go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	29.11.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
130.	Ihor Vladymyrovych KOSTENOK (ar a dtugtar Igor Vladimirovich KOSTENOK freisin) (Игорь Владимирович КОСТЕНОК)	Inscne: fireann Dáta breithe: 15.3.1961 Áit bhreithe: Vodyanske, Dobropillia Rayon, Donetsk oblast, Ukraine Водянское, Добропольский район Донецкой области, Украина	Iar-'Aire Oideachais', mar a ghairtear dó in 'Daon-Phoblacht Donetsk'. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh. Faoi láthair, tá sé ag obair do Donetsk Academy of Management and Civil Service faoi 'Ceann Donetsk People's Republic', mar a ghairtear di. Ó Mheán Fómhair 2018, Ollamh sa Department of State and Municipal Administration ag an Federal State Budgetary Educational Institution of Higher Education 'Russian University of Economics. G.V. Plekhanov'.	29.11.2014
131.	Yevgeniy Vyacheslavovich ORLOV (ar a dtugtar Yevhen Vyacheslavovych ORLOV freisin) (Евгений Вячеславович ОРЛОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 10.5.1980 nó 21.10.1983 Áit bhreithe: Snezhnoye, Donetsk oblast, Ukraine г. Снежное, Донецкой области, Украина	Iar-Chomhalta de 'National Council'de 'Donetsk People's Republic', mar a ghairtear di. Iarchathaoirleach ar an ngluaiseacht phoiblí dar teideal 'Free Donbass'. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh. Leas-Chathaoirleach an DNR National Assembly Committee on Industry and Trade.	29.11.2014
137.	Eduard Aleksandrovich BASURIN (Эдуард Александрович БАСУРИН) Eduard Oleksandrovych BASURIN (Едуард Олександрович БАСУРІН)	Inscne: fireann Dáta breithe: 27.6.1966 Áit bhreithe: Donetsk, Ukraine	Urlabhraí agus Leas-Cheann ar 'People's Militia' den 'Donetsk People's Republic', mar a ghairtear di. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh. Leas-Cheann ar an 'People's Militia Department of the DNR'.	16.2.2015
138.	Alexandr Vasilievich SHUBIN (Александр Васильевич ШУБИН)	Inscne: fireann Dáta breithe: 20.5.1972 nó 30.5.1972 Áit bhreithe: Luhansk, Ukraine	Iar-'Aire Ceartais', mar a ghairtear dó de chuid 'Luhansk People's Republic', mar a ghairtear di, atá neamhdhleathach. Iar-Chathaoirleach ar 'Central Election Commission' 'Luhansk People's Republic', mar a ghairtear di.	16.2.2015

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh. Briseadh as a phost é mar chathaoirleach ar 'Central Election Commission' 'Luhansk People's Republic', mar a ghairtear di, i mí an Mheithimh 2018. Cláraithe mar nótaire in Luhansk. Leanann sé de bheith ag tacú le beartais scarúnaíocha agus de na beartais sin a dhlisteanú.	
158.	Andrey Vladimirovich CHEREZOV (TSCHERESOW) (Андрей Владимирович ЧЕРЕЗОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 12.10.1967 Áit bhreithe: Salair, Kemerovskaya Oblast, Russian Federation	Iar-Leas-Aire Fuinnimh Chónaidhm na Rúse. Tá cuid den fhreagracht air as an gcinneadh chun tuirbíní gáis, a sheachaid Siemens Gas Turbine Technologies OOO chuig OAO VO Technopromexport, a aistriú lena suiteáil in Crimea. Leis an gcinneadh sin cuidítear le soláthar cumhachta neamhspleách a bhunú do Crimea agus do Sevastopol chun tacú lena scaradh ón Úcráin, agus baintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	4.8.2017
160.	Sergey Anatolevich TOPOR-GILKA (Сергей Анатольевич ТОПОР-ГИЛКА)	Inscne: fireann; Dáta breithe: 17.2.1970 Áit bhreithe: Moldovan Soviet Socialist Republic (Republic of Moldova mar atá anois) Náisiúntacht: Rúiseach	Ina cháil mar Ard-Stiúrthóir OAO 'VO TPE', bhí sé i gceannas ar an gcaibidlíocht le Siemens Gas Turbine Technologies OOO maidir le ceannach agus seachadadh na dtuirbíní gáis do ghléasra cumhachta in Taman, Krasnodar region, Russian Federation. Ina dhiaidh sin, agus é ina Ard-Stiúrthóir ar OOO 'VO TPE' is é freagrach as na gástuirbíní a aistriú go dtí Crimea agus as tionscadal tógála na ngléasraí cumhachta teirmí Balaklava agus Tavricheskaya a chur chun feidhme, áit ar suiteáladh na tuirbíní. Leis sin cuidítear le soláthar cumhachta neamhspleách a bhunú do Crimea agus do Sevastopol chun tacú lena scaradh ón Úcráin, agus baintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	4.8.2017
164.	Aleksandr Yurevich PETUKHOV Aleksandr Yurievich PETUKHOV (Александр Юрьевич ПЕТУХОВ) Oleksandr Yuriyovych PIETUKHOV (Олександр Юрійович ПЄТУХОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 17.7.1970 Áit bhreithe: Ryazan, Russian Federation	Iar-Chathaoirleach an Sevastopol Electoral Commission. Sa cháil sin, ghlac sé páirt in eagrú thoghcháin uachtaránachta na Rúise an 18 Márta 2018 in Crimea agus in Sevastopol a ionghabhadh go neamhdhleathach, agus ar an	14.5.2018";

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			gcaoi sin, thacaigh sé go gníomhach le beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus chuir sé na beartais sin chun feidhme. Príomh-Chigire Cónaidhme an Moscow region. Ón 6 Aibreán 2021, Cúntóir d'Ionadaí Lánchumhachtach d'Uachtarán Chónaidhm na Rúise do Central Federal District.	

Eintitis

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"7.	Russian community 'Sobol' Русская община 'Соболь'	Na meáin shóisialta: http://vk.com/sobolipress http://www.русскоедвижение.рф/ Uimhir ghutháin: +652 60-23-93 R-phost: SoboliPress@gmail.com Seoladh: Ukraine, Crimea, Simferopol, str. Kiev, 4 (area bus station 'Central').	Eagraíocht pharaimíleata radacach, atá freagrach as tacú go hoscailte le húsáid na láimhe láidre chun deireadh a chur le smacht na hÚcráine ar Crimea, rud a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. Freagrach as oiliúint a chur ar scarúnaithe chun dul i mbun troda in aghaidh fhórsaí rialtais na hÚcráine in Oirthear na hÚcráine, rud a chuir cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine i mbaol.	25.7.2014
11.	'Vostok Brigade' 'Бригада Восток' (ar a dtugtar Vostok Battalion; 'Батальон Восток' freisin)	Na meáin shóisialta: http://vk.com/patriotic_forces_of_donbas http://patriot-donetsk.ru/ info.patriot.donbassa@gmail.com	Grúpa scarúnaíoch armtha neamhdhleathach a mheastar a bheith ar cheann de na grúpaí is tábhachtaí in Oirthear na hÚcráine. Freagrach as dul i mbun troda in aghaidh fhórsaí rialtais na hÚcráine in Oirthear na hÚcráine, rud a chuir cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine i mbaol. Ghlac sé páirt ghníomhach sna hoibríochtaí míleata a raibh mar thoradh orthu urghabháil Donetsk Airport. Ina bhall den '1st Army Corps', mar a ghairtear dó, de chuid 'Donetsk People's Republic'.	25.7.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
18.	Cuideachta comhstoic 'Production-Agrarian Union "Massandra"' Акционерное общество 'Производственно-аграрное объединение "Массандра"' (ar a dtugtaí State Unitary Enterprise of the 'Republic of Crimea' 'Production-Agrarian Union "Massandra"' tráth Государственное унитарное предприятие Республики Крым "Производственно-аграрное объединение "Массандра"' Federal State Budgetary Enterprise 'Production-Agrarian Union "Massandra"' de chuid Administration of the President of the Russian Federation Федеральное государственное унитарное предприятие 'Производственно-аграрное объединение "Массандра" Управления делами Президента Российской Федерации' State concern 'National Association of producers "Massandra"' Национальное производственно аграрное объединение 'Массандра' Nacionalnoye proizvodstvenno agrarnoye obyedinenye 'Massandra')	298650, Crimea, Yalta, Massandra, str. Vinodela Egorova 9. 298650, Крым, г. Ялта, пгт. Массандра, ул. Винодела Егорова, д. 9 Suíomh gréasáin: http://massandra.su +7 9789367504 +7 3654233196 +7 3654261683 Uimhir chlárúcháin: 1209100012648	Aistríodh úinéireacht an eintitis de shárú ar dhlí na hÚcráine. An 9 Aibreán 2014, ghlac 'Presidium of the Parliament of Crimea' cinneadh Uimh. 1991-6/14 'On the amendments to the Resolution of the State Council of the "Republic of Crimea"' an 26 Márta 2014 Uimh. 1836-6/14 'On nationalization of the property of enterprises, institutions and organizations of agro-industrial complex, located in the territory of the "Republic of Crimea"' inar dearbhaíodh go rabhthas tar éis sócmhainní de chuid an ghnóthais stáit 'National Association of producers "Massandra"' a ghabháil thar ceann 'Republic of Crimea'. Tá 'údaráis' Crimea, más ea, tar éis an fiontar a choigistiú a mhórán nó a bheagán. Athchláraithe an 1 Lúnasa 2014 mar Federal State Budgetary Enterprise 'Proizvodstvenno agrarnoye obyedinenye "Massandra" of the Administration of the President of the Russian Federation (Федеральное государственное унитарное предприятие 'Производственно-аграрное объединение "Массандра" Управления делами Президента Российской Федерации'). Bunaitheoir: The Administration of the President of the Russian Federation (Управления Делами Президента Российской Федерации). An 1 Aibreán 2019, athchláraíodh mar State Unitary Enterprise of the 'Republic of Crimea' 'Production-Agrarian Union "Massandra"'. Athchláraithe mar chuideachta comhstoic 'Production-Agrarian Union "Massandra"' an 1 Deireadh Fómhair 2020.	25.7.2014
24.	Public movement 'Donetsk Republic' Общественное движение 'Донецкая республика'	Faisnéis oifigiúil: http://oddr.info/ orgotdel@oddr.info Seoladh: Donetsk, Universitetskaya 19 г. Донецк, ул. Университетская, дом 19	'Eagraíocht' poiblí a rinne ionadaíocht ar na hiarrthóirí sna 'toghcháin', mar a tugadh orthu, in 'Donetsk People's Republic' an 2 Samhain 2014 agus an 11 Samhain 2018. Bhí na 'toghcháin' sin ina sárú ar dhlí na hÚcráine agus neamhdhleathach dá réir.	29.11.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Ó tharla gur ghlac sí páirt sna 'toghcháin' neamhdhleathacha sin, thacaigh sí go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaíonn an Úcráin a thuilleadh. Bunaithe ag Andriy PURGIN agus a bhí faoi cheannas Alexander ZAKHARCHENKO. Is í a d'ainmnigh Denis PUSHYLIN in 2018 chun bheith ina 'Ceann' ar 'Donetsk People's Republic' mar a ghairtear di.	
28.	Luhansk Economic Union (Luganskiy Ekonomicheskiy Soyuz) Луганский экономический союз	Faisnéis oifigiúil: https://vk.com/public97306393 Teileagram: https://t.me/s/od_les_lnr	'Eagraíocht shóisialta' a rinne ionadaíocht ar na hiarrthóirí sna 'toghcháin', mar a tugadh orthu, a bhí neamhdhleathach in 'Luhansk People's Republic' an 2 Samhain 2014 agus an 11 Samhain 2018. Is é a d'ainmnigh Oleg AKIMOV mar iarrthóir, le bheith ina 'Ceann' ar 'Luhansk People's Republic' in 2014 agus mar chomhalta de 'People's Council of the Luhansk People's Republic' mar a thugtar air in 2018. Bhí na 'toghcháin' sin ina sárú ar dhlí na hÚcráine agus neamhdhleathach dá réir. Is é Zinaida NADION an cathaoirleach ar 'Luganskiy Economicheskiy Soyuz' faoi láthair, ar ionadaí é ar 'People's Council of the LPR'. Ó tharla gur ghlac sí páirt sna 'toghcháin' neamhdhleathacha sin, thacaigh sí go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaíonn an Úcráin a thuilleadh.	29.11.2014
33.	Prizrak brigade Бригада 'Призрак'	Seoladh: District 50 Year of the USSR, 18; c. of Kirovsk https://vk.com/battalionprizrak http://prizrak.info/ mail@prizrak.info +38 072199-86-39	Grúpa scarúnaíoch armtha a thacaigh go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaíonn an Úcráin a thuilleadh. Cuid den '2nd Army Corps', mar a ghairtear dó, de chuid 'Lugansk People's Republic'. Dá ngairtear 14th Motorized Rifle Battalion freisin. Mar chuid den People's Militia of the 'Luhansk People's Republic', mar a ghairtear dó.	16.2.2015".